**TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA IAROIFIGEACH SINSEARACH TAR ÉIS DÓIBH AN tSEIRBHÍS A FHÁGÁIL**
***(Airteagal 16, an tríú mír agus an ceathrú mír de na Rialacháin Foirne)***

**Tuarascáil bhliantúil 2018**

## 1. Réamhrá: an creat rialála

De réir Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leanfar den cheangaltas a bheith ar oifigigh, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, iad féin a iompar le hionracas agus le discréid maidir le ceapacháin áirithe nó sochair áirithe a ghlacadh. Leanfar den cheangaltas ar iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme, cibé acu sochrach nó gan a bheith sochrach, le linn an dá bhliain tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, é seo a chur in iúl dá n-institiúid, chun go bhféadfaí sí cinneadh iomchuí a dhéanamh i ndáil leis an ábhar, agus i gcás inarb iomchuí, bac a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta nó deonú a thabhairt faoi réir srianta iomchuí.

De réir an tríú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin foirne, i gcás iaroifigigh shinsearacha, déanfaidh an t-údarás ceapacháin, i bprionsabal, iad a chosc, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, ó bheith ag gabháil do bhrústocaireacht nó do thathaint maidir le foireann a n-iarinstitiúide, le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ceanglaítear leis an ceathrú mír de na Rialacháin Foirne, go bhfoilseoidh gach institiúid phoiblí sonraí maidir le cur chun feidhme an tríú mír, gach bliain, lena n-áirítear liosta de na cásanna a scrúdaíodh.

Tá feidhm analach ag na forálacha seo go háirithe maidir le gníomhairí sealadacha ó na grúpaí polaitiúla faoi Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach thíos na critéir a d’úsáid an Pharlaimint chun an dualgas seo a chomhlíonadh agus tugann léiriú ar a hanailís.

Lena foilseachán, cuireann an institiúid leis an oibleagáid atá uirthi de réir an ceathrú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, agus urraim á tabhairt do na rialacha maidir le cosaint sonraí (Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i ndáil le saorshreabhadh na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE).

**2. Modh agus critéir chun an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm**

Déileálfar le ráitis ó iaroifigigh shinsearacha maidir le gníomhaíocht ghairme atá beartaithe, mar a dhéileáltar le gach ráiteas faoin ábhar a dhéanann gach duine den fhoireann. Gheobhaidh Ard-Stiúrthóirtheacht an Phearsanra an ráiteas agus rachaidh sí i gcomhairle leis an tseirbhís nó na seirbhísí lena raibh an t-iaroifigeach ag obair le linn na trí bliana seirbhíse deiridh, leis an gComhchoiste agus, más gá, leis an tseirbhís dlí. Is sa chomhthéacs sin a dhéantar na ráitis a scrúdú chun a fhíorú an mbaineann siad leis an raon feidhme (pearsanta, sealadach agus ábhartha) den tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

*Raon feidhme pearsanta (ratione personae)*

Baineann na forálacha i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne le daoine ón bhfoireann lena n-áirítear daoine i bhfostaíocht shealadach, i gceann de na cineálacha poist seo a leanas:

Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa

- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Ard-Stiúrthóir
- Stiúrthóir

Na grúpaí polaitiúla

- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Príomhchomhairleoir
- Stiúrthóir

*Raon feidhme sealadach (ratione temporis)*

Tagraíonn an tríú mír d'Airteagal 16 d'iaroifigigh shinsearacha ag gabháil do ghníomhaíocht sheachtrach 'le linn na 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil'.

Ba chóir, dá bhrí sin, an tréimhse sin a chur i gcuntas chun críche foilsithe mar a leagtar síos sa ceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

*Raon feidhme ábhartha (ratione materiae)*

Is iad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, na gníomhaíochtaí sin arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta maidir le foireann na hinstitiúide ina raibh an t-iaroifigieach sinsearach fostaithe, le haghaidh a ghnó, a chliant nó a fhostóirí ar ábhair a raibh sé freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ní dhéanfaidh an Pharlaimint a hanailís a theorannú do na gníomhaíochtaí beartaithe a bhfuil brústocaireacht nó tathaint mar sprioc aonair nó mar sprioc príomha leo. Ina theannta sin, i gcás ráitis maidir le gníomhaíochtaí ar gníomhaíochtaí iad nach bhfuil

brústocaireacht ná tathaint ag baint leo tráth an fhógra a thabhairt, ach, mar gheall ar a gcineál, go praiticiúil nó go teoiriciúil, a d’fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta mar a dtagraítear i mír 3 d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leathnóidh an Pharlaimint an anailís chun na féidearthachtaí sin a chur i gcuntas agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht arna fhógairt mar chuid de mhír 3 d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

**3. Cásanna sonracha**

In 2018, bhí seisear oifigeach sinsearach ann a d’fhag an tseirbhís.

Dhearbhaigh beirt acu go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach á déanamh acu tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil.

Sa dá chás, maidir leis na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe, eadhon

(a) maoirseacht a dhéanamh ar dhréachtú leabhair ar stair Ghrúpa EPP agus

(b) Rúnaí Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Aontais Eorpaigh agus Comhar na Spáinne,

measadh nach raibh siad laistigh de raon feidhme ábhartha mhír 3 d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.